Cuntas Leithreasa 2022

# Vóta 40

# Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 40, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 ar thuarastail agus speansais Oifig an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, ar sheirbhísí áirithe a riar an Oifig sin agus ar dheontais a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2022, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €86.718 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Mar thoradh ar ionradh na Rúise ar an Úcráin i mí Feabhra 2022, tháinig dúshláin oibríochtúla shuntasacha chun cinn don Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) agus í ag iarraidh cóiríocht ghearrthéarmach éigeandála agus cúnamh gearrthéarmach éigeandála a sholáthar do níos mó ná 55,000 duine de thairbhithe cosanta sealadaí. Mhéadaigh an teagmhas sin go mór na brúnna agus na héilimh ar obair na Roinne ag am inar tháinig méadú suntasach freisin ar líon na n-iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta. Ní raibh aon soláthar ann do chaiteachas maidir leis an Úcráin i meastachán 2022 don Vóta, ach fuair an Roinn meastachán forlíontach níos déanaí sa bhliain chun a chinntiú go bhféadfadh sí a dliteanais airgeadais go léir a chomhlíonadh.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

***Dímheas***

Dímheastar sócmhainní go bliantúil de réir méid cothrom thar a saolré úsáideach mheasta. Gearrtar dímheas bliana iomláine i mbliain an cheannaigh agus ní ghearrtar aon dímheas i mbliain na diúscartha.

Tá Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh dílsithe don Aire agus tá sé ar áireamh i sócmhainní caipitil mar thalamh agus foirgnimh. Dímheastar foirgnimh ag ráta 2% in aghaidh na bliana de réir méid cothrom thar a saolré úsáideach mheasta. Ní dhímheastar talamh. Dímheastar mótarfheithiclí thar chúig bliana ag ráta 20% in aghaidh na bliana.

***Íocaíochtaí le Pobal***

Déantar cistí a réamhíoc le Pobal i ndáil le soláthar seirbhísí áirithe ar bhonn gníomhaireachta. Íocann Pobal cistí nach dteastaíonn (e.g., mar gheall ar éileamh a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis) ar ais leis an Roinn. Déantar an ghlansuim a réamhíoctar le Pobal sa bhliain a mhuirearú i gcoinne na bhfo-mhírcheann ábhartha vóta sa bhliain (féach nóta 6.1).

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Soláthraítear seirbhísí áirithe don Roinn ar bhonn seirbhísí comhroinnte.

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais na gcomhaontuithe seirbhíse don Roinn seo maidir le seirbhísí comhroinnte TFC a sholáthar agus don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar. Chomhlíon mé freisin mo chuid freagrachtaí faoi nósanna imeachta airgeadais poiblí maidir leis na seirbhísí TF a sholáthraíonn an Roinn Dlí agus Cirt maidir le Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn seo. Tá litir dearbhaithe ag Stiúrthóir Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh freisin ón gCeann Bainistíochta Faisnéise agus Teicneolaíochta sa Roinn Dlí agus Cirt maidir le seirbhísí TFC a sholáthar.

***Seirbhísí gníomhaireachta***

Riarann Pobal roinnt clár thar ceann na Roinne i measc raon clár a bhaineann le luathbhlianta agus leis an óige. In 2022, tugadh glanmhaoiniú €745 mhilliún do Pobal ina leith sin (nóta 6.1).

Tá an caidreamh idir an Roinn agus Pobal á rialú ag comhaontú uileghabhálach seirbhíse ina leagtar amach an tuiscint ghinearálta ar chuspóir, comhthéacs, cuspóirí, téarmaí agus coinníollacha an chaidrimh idir an dá pháirtí. Beidh an comhaontú seirbhíse reatha i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2024. Cinntíonn sé sin gur féidir le Pobal leanúint ar aghaidh leis na foirne agus na seirbhísí conartha seachtracha a theastaíonn a fhostú chun tacú leis an earnáil.

Thug Comhairleoirí Eacnamaíocha Indecon faoi Athbhreithniú neamhspleách ar an tsamhail oibriúcháin um Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige (ELC) agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile (SAC) in 2022. Tháinig an t-athbhreithniú, a foilsíodh an 30 Márta 2022, ar an gconclúid gurb í gníomhaireacht Stáit thiomnaithe nua faoi shainchúram an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (an tAire) an tsamhail oibriúcháin is fearr don earnáil ELC agus SAC do na blianta amach romhainn. Dhéanfadh an ghníomhaireacht sin na feidhmeanna atá á ndéanamh faoi láthair ag Luathbhlianta Pobal (lena n-áirítear Tús Níos Fearr), an 30 Coiste Cúram Leanaí Cathrach/Contae, chomh maith leis na feidhmeanna oibriúcháin a dhéanann an Roinn. Tar éis fhoilsiú an athbhreithnithe, chuir an Roinn tús le céim pleanála um dhearadh agus cur chun feidhme don tionscadal athchóirithe seo. Ceapadh bord cláir chun maoirseacht a dhéanamh ar an obair sin agus tá ionadaithe idir-rannacha ann in éineacht le roinnt saineolaithe seachtracha. Cuirfear plean iomlán um dhearadh agus cur chun feidhme gníomhaireachta faoi bhráid an Rialtais ansin lena cheadú.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta agus sannadh an chuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais á gcomhlíonadh agam.
- Doiciméadaíodh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.
- Cuireann daoine de lucht bainistíochta na Roinne a n-ainm le ráitis dearbhaithe rialaithe airgeadais maidir lena réimsí aonair freagrachta. Tá na ráitis sin ar fáil dom mar Oifigeach Cuntasaíochta agus an cuntas leithreasa á thabhairt chun críche.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú tráthrialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus go háirithe,

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe ann ag a bhfuil buiséad bliantúil a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú leanúnach air
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht thuartha
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil na treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus na disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal i bhfeidhm.

***Iniúchóireacht inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn, ar feidhm í ag a bhfuil pearsanra ar ar cuireadh oiliúint chuí agus a oibríonn i gcomhréir le Cairt scríofa atá faofa agamsa. Cuireann anailís ar na rioscaí a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu bonn eolais faoi obair na feidhme iniúchóireachta inmheánaí. Bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Buailim leis an gCeann Iniúchóireachta Inmheánaí agus le Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta ó thráth go chéile. Déanann Bord Bainistíochta na Roinne breithniú ar mhiontuairiscí agus tuarascáil bhliantúil an Choiste Iniúchóireachta.

Is cuntasóir gairmiúil é an Ceann Iniúchóireachta Inmheánaí agus tá aige foireann atá comhdhéanta de bheirt ardoifigeach feidhmiúcháin agus de bheirt oifigeach feidhmiúcháin. Anuas ar an soláthar foirne buan, tacaíonn seirbhísí iniúchóireachta a sholáthraíonn conraitheoir seachtrach iad leis an bhfeidhm iniúchóireachta. Tugtar faoi iniúchtaí de réir chaighdeáin na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe agus Institiúid Chairte na nIniúchóirí Inmheánacha. De bhreis ar a dualgais leanúnacha, d'ainmnigh an tAire an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí mar Údarás Iniúchóireachta le haghaidh an Chiste um Thearmainn, Imirce agus Lánpháirtíocht. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Rinne Institiúid Chairte na nIniúchóirí Inmheánacha athbhreithniú seachtrach cáilíochta ar an bhfeidhm i mí Feabhra 2020 agus ba é an tátal a baineadh as ná gur "chloígh sé go mór, tríd is tríd, leis na caighdeáin".

D'fhaomh mé an plean iniúchóireachta inmheánaí do 2022 an 20 Meitheamh 2022. Le linn 2022, d'eisigh an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí ocht dtuarascáil. Níor tugadh tuairim iniúchta 'gan dearbhú' ná 'dearbhú teoranta' ar ócáid ar bith.

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar gníomhaíocht chuí de bhun thuarascálacha agus mholtaí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Soláthar***

Cinntíonn an Roinn go leagtar díriú cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha go léir a chinntiú.

Thug an Roinn mionsonraí faoi 62 chonradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

*Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair*

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte seachas i gcás 62 chonradh (ar mhó a luach ná €25,000), dar luach iomlán €111,579,196 (gan CBL a áireamh) in 2022, mar atá leagtha amach thíos:

- Seasca conradh dar luach comhcheangailte €111,403,302 a bhaineann le seirbhísí cóiríochta cosanta idirnáisiúnta a sholáthar
- Conradh amháin dar luach €106,394 maidir le bogearraí agus tacaíocht do chóras bainistíochta airgeadais na Roinne

- Conradh amháin dar luach €69,500 a bhain leis an gCoimisiún Imscrúdúcháin i dtaobh Árais Máithreacha agus Naíonán.

Cuireadh na conarthaí thuas ar áireamh i dtuairisceán bliantúil 40/2002 dá dtagraítear thuas.

Is féidir an méadú ar sholáthar neamhchomhlíontach a chur síos don mhéadú suntasach atá tagtha ar líon na n-iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta ó cuireadh deireadh le srianta taistil Covid-19.

Tá bearta déanta ag an Roinn chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist an tsoláthair neamhchomhlíontaigh maidir le seirbhísí cóiríochta cosanta idirnáisiúnta. Iarraidh ar thairiscintí chun socrú painéil shaincheaptha a bhunú chun cóiríocht agus seirbhísí gaolmhara a sholáthar do dhaoine atá ag lorg cosaint idirnáisiúnta i gcomhréir le Rialacháin 74-77 de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Conarthaí Údaráis Phoiblí a Dhámhachtain), 2016 (I.R. Uimh. 284/2016), foilsíodh í in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i mí Eanáir 2022 agus athfhoilsíodh í i mí Dheireadh Fómhair 2022. Go dtí seo, níor éirigh leis an bpróiseas tairisceana seo dóthain acmhainne a sholáthar chun freastal ar an éileamh. Mar thoradh air sin, níl aon rogha ag an Roinn ach leanúint ar aghaidh ag aimsiú cóiríocht bhreise riachtanach agus tacaí eile ar bhonn éigeandála, trí nósanna imeachta soláthair idirbheartaithe.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá creat beartais bainistíochta riosca cuimsitheach i bhfeidhm ag an Roinn. Déanann Coiste Bainistíochta Riosca, ina bhfuil gach comhalta den Bhord Bainistíochta, maoirseacht ar riosca. Déanaimse cathaoirleacht ar an gCoiste mar Oifigeach Cuntasaíochta. Déanann an Coiste athbhreithniú foirmiúil ar riosca ar bhonn ráithiúil agus ar bhonn míosúil ar leibhéal aonaid aonair. Tugtar mionfhaisnéis don Aire faoin riosca corparáideach ar bhonn tráthrialta.

Is é atá i gceist leis an gcóras bainistíochta riosca ná sainaithint a dhéanamh ar riosca ar fud na Roinne agus ar na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Faigheann an córas tacaíocht ó chlár rioscaí lena sainaithnítear na príomhrioscaí corparáideacha agus na rioscaí ar leibhéal aonaid atá roimh an Roinn, agus déantar gach ceann a shainaithint, a mheas agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Mionsonraítear sa chlár na rialuithe agus na gníomhartha atá i bhfeidhm nó a dtabharfar fúthu chun riosca a mhaolú. Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil.

Faigheann an córas tacaíocht freisin ó ráiteas inghlacthachta riosca atá i bhfeidhm don Roinn. Cé go bhfuilimid sásta glacadh le rioscaí rialaithe chun deiseanna nua a thapú agus chun bealaí nuálacha a aimsiú chun ár gcuspóirí a chur chun cinn, ní ghlacaimid le rioscaí a sháraíonn ár nósanna imeachta oibriúcháin nó ár gceanglais rialála.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe, agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, i gcás gurb iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis

i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialuithe inmheánacha airgeadais bunaithe ar an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na hardbhainisteoirí laistigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

*Tionchar ionradh na Rúise ar an Úcráin ar an Roinn*

Bhí tionchar an-suntasach ar an Roinn in 2022 ag an éileamh práinneach ar chóiríocht agus tacaíocht éigeandála do bhreis agus 55,000 duine de thairbhithe cosanta sealadaí ón Úcráin.

Díobh sin, bhí níos mó ná 46,400 duine i gcóiríocht sheirbhísithe (óstáin, leaba agus bricfeasta, etc.) ag deireadh na bliana agus bhí thart ar 1,630 duine i gcóiríocht éigeandála. D'fhág an leibhéal gníomhaíochta gan fasach sin gur ghá foirne a bhunú agus a acmhainniú, arbh fhoirne iad a earcaíodh ar bhealaí éagsúla, lenar áiríodh iad a tharraingt ó phainéil na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí, baill foirne inmheánacha a athshannadh, oifigigh chléireachais shealadacha agus baill foirne ar conradh a earcú, agus leas a bhaint as baill foirne ar iasacht nó ar shannachán sealadach ó ranna agus oifigí eile. Amhail mí Eanáir 2023, bhí os cionn 130 ball foirne sannta d'fhoireann na hÚcráine.

Tá an soláthar cóiríochta do thairbhithe cosanta sealadaí ina sheirbhís atá bunaithe ar éileamh, atá práinneach ó thaobh ama agus atá an-fhreagrúil, áit a gcinntear riachtanais láithreacha bunaithe ar líon na ndaoine a thagann ón Úcráin, ar figiúr é a bhíonn ag athrú agus ag dul i méid. In 2022, d'iarr thart ar 70 faoin gcéad de na tairbhithe cosanta sealadaí a tháinig isteach cóiríocht ghearrthéarmach ón Stát agus bhí sé thar a bheith dúshlánach dóthain spáis leapa a chur ar fáil chun coinneáil suas leis na daoine a bhí ag teacht isteach. D'fheidhmigh an Roinn de réir teachtaireacht ó Choimisiún AE an 1 Aibreán 2022 maidir leis an ngá práinneach le foscadh, soláthar agus seirbhísí a chur ar fáil.

Bhí sé an-dúshlánach freisin sonraisc ó sholáthraithe a íoc go tráthúil maidir le cóiríocht agus seirbhísí tacaíochta do thairbhithe cosanta sealadaí. Tá an Roinn tiomanta dá chinntiú go n-íoctar sonraisc go pras agus dá chinntiú ag an am céanna go leantar nósanna imeachta airgeadais cuí.

In 2022, mhéadaigh líon na sonrasc a íocadh in aghaidh na míosa ó 381 cheann i mí Eanáir go 1,011 cheann i mí na Nollag, mar gheall go príomha ar chóiríocht do thairbhithe cosanta sealadaí. Leithdháileadh acmhainní méadaithe chun sonraisc a sheiceáil agus a údarú, ach bhí sé deacair an leibhéal íocaíochtaí sin a bhainistiú tríd an bpróiseas láimhe céanna a úsáideadh sna blianta roimhe sin.

Mar thoradh ar an méadú ar líon na sonrasc, bhí trí chás ró-íocaíochtaí ann in 2022. Ba é €1.85m an luach foriomlán a ró-íocadh. Ní raibh aon chaillteanas airgid ann dá bharr. In dhá chás, fritháiríodh an ró-íocaíocht i gcoinne sonraisc ina dhiaidh sin agus, sa tríú cás, d'íoc an faighteoir an tsuim iomlán ar ais.

Cuireadh tús le barrfheabhsú an phróisis gnó ábhartha go luath in 2023. Tugadh isteach athruithe chun bailíochtú agus údarú íocaíochta a fheabhsú agus chun aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna atá leis na hearráidí íocaíochta. Tá tionscadal eile á fhorbairt faoi láthair chun athchóiriú a dhéanamh ar chóras na Roinne chun sonraisc a fháil agus a phróiseáil.

Nuashonraíodh clár rioscaí na Roinne chun an tionchar a bhí ag an gcoimhlint san Úcráin ar an Roinn a léiriú.

*Luathbhlianta — comhlíonadh rialacha an chláir*

Tháinig laghdú suntasach ar an tionchar a bhí ag paindéim Covid-19 ar fheidhmiú na scéimeanna éagsúla um Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige (ELC) agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile (SAC) in 2022, agus aistriú á dhéanamh ó sheiceálacha comhlíonta deascbhunaithe mar gheall ar thionchar phaindéim Covid-19. Cuireadh tús arís le seiceálacha comhlíonta fógartha ar an láthair i mí na Samhna 2021 agus d'fhan siad i bhfeidhm go mí Aibreáin 2022. Cuireadh tús arís le cigireachtaí neamhfhógartha ar an láthair ó mhí Aibreáin 2022 don chuid eile de thimthriall cláir 2021/22. Cuireadh tús arís le gnó mar is gnách do thimthriall comhlíonta 2022/23 i mí Mheán Fómhair 2022, rud a chinntigh go bhféadfaí gach seiceáil comhlíonta neamhfhógartha a dhéanamh ar an láthair.

Don bhliain féilire 2022, a chuimsigh dhá chlárbhliain (2021/22 agus 2022/23), de na soláthraithe seirbhíse a bhí ar conradh chun an Scéim Náisiúnta Cúram Leanaí (NCS) a sholáthar, rinneadh cigireacht ar 367 gcinn díobh. Ba é an ráta ró-éilimh mar chéatadán den leithdháileadh a ndearnadh cigireacht air ná 0.68%. Tá gach ró-éileamh sainaitheanta curtha in áirithe lena bhforchúiteamh in aghaidh maoiniú amach anseo. Bhí meánlíon na gcásanna neamhchomhlíonta cothrom le beagán os cionn 3 cinn as gach 28 seiceáil in aghaidh na seirbhíse, agus bhí 3 chás nó níos lú de neamhchomhlíonadh ag 89% de na seirbhísí. Tar éis toradh neamhchomhlíonta faoi NCS, ceanglaítear ar sholáthraithe seirbhíse gníomhartha ceartúcháin a dhéanamh agus féindearbhuithe comhlíonta amach anseo a chur isteach. Rinne 98% de na seirbhísí a ndearnadh cigireacht orthu in 2022 na gníomhartha ceartúcháin riachtanacha.

Maidir leis an gclár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE), de na 473 chigireacht a rinneadh don bhliain féilire suas go mí na Samhna 2022, cinneadh go raibh 'neamhchomhlíonadh mór' i gceist le 16% díobh, mar a léiríonn neamhchomhlíonadh mór na saincheisteanna comhlíonta is suntasaí faoi mar a bhaineann siad le maoiniú ón Státchiste, lena n-áirítear ceanglais taifead tinrimh, cuairt comhlíonta a éascú, agus an gá le níos mó ná 20% de chlárúcháin leanaí a nuashonrú. Ba é an ráta ró-éilimh ná 0.25% den leithdháileadh iomlán maoinithe a ndearnadh cigireacht air. Maidir leis an scéim Coigiltis Fóirdheontas Cúram Leanaí Pobail Plus (CCSP), de na 109 seirbhís a ndearnadh cigireacht orthu, cinneadh go raibh 'neamhchomhlíonadh mór' i gceist le 20% díobh. Ba é an ráta ró-éilimh ón leithdháileadh maoinithe iomlán a seiceáladh ná 4.27%.

Bhí roinnt forbairtí dearfacha ann le linn na bliana féilire 2022. Rinne an tAonad um Chomhlíonadh cuíchóiriú ar na 28 seiceáil cigireachta NCS. Tá sé mar aidhm ag laghdú na seiceálacha éifeachtacht agus éifeachtúlacht níos fearr a chur leis an bpróiseas cigireachta do na hOifigigh Údaraithe/na hOifigigh ar Cuairt agus do na soláthraithe araon, gan cur isteach ar cháilíocht an phróisis fíorúcháin. I gcomhréir le moltaí ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (OCAG), chuir an tAonad um Chomhlíonadh tús le hathbhreithniú ar chatagóirí

torthaí NCS ó thorthaí dénártha (comhlíontach/neamhchomhlíontach) go mion-neamhchomhlíonadh, neamhchomhlíonadh measartha agus neamhchomhlíonadh mór (cosúil leis an gcaoi a dtuairiscítear torthaí don chlár ECCE). Táthar ag súil leis go dtabharfar é sin chun críche in 2023.

Forbairt thábhachtach eile ba ea Comhlíonadh Leibhéal 1 ECCE, CCSP agus na Samhla um Rochtain agus Cuimsiú (AIM) a aistriú isteach san Ardán Luathbhlianta (EYP) a úsáidtear faoi láthair do NCS.

Tá roinnt buntáistí ag baint leis an ardán, lena n-áirítear:

- eisiúint fógraí comhlíonta chuig soláthraithe seirbhíse a chumasú
- monatóireacht fheabhsaithe ar ghníomhartha ceartúcháin ag soláthraithe seirbhíse
- nuashonrú uathoibríoch déanta ar chlárúcháin/éilimh mhíchearta Hive a shainaithnítear mar chuid den phróiseas comhlíonta, rud a chuidíonn le ró-éilimh a aisghabháil ar shlí níos fearr.

Ina theannta sin, tháinig an tsamhail rátála riosca comhlíonta a dhear Pobal i bhfeidhm ag deireadh 2022. Cinnteoidh an tsamhail sin go ndéanfar acmhainní comhlíonta a imscaradh de réir riosca. Éascóidh sé sin cur chuige níos spriocdhírithe trí aird a dhíriú ar sheirbhísí ardriosca. Soláthróidh an sprioc-chur chuige léargais ar an gcomhghaol idir riosca agus leibhéil chomhlíonta agus cosán a thairiscint chuig dearbhuithe níos fearr.

Tugadh isteach leagan nua athbhreithnithe den Chreat Comhlíonta le linn 2022. Bhí deich soláthraí seirbhíse ar an gCreat reatha, agus cuireadh gach ceann díobh ar Leibhéal 1 toisc nár cheartaigh siad torthaí neamhchomhlíonta NCS don chlárbhliain 2021/22. Bhí cuairt comhlíonta eile ag na soláthraithe seirbhíse sin sa chlárbhliain 2022/23. Níl siad ar áireamh sa Chreat athbhreithnithe 2023. Tá cur chuige spriocdhírithe á ghlacadh in 2023 chun aghaidh a thabhairt ar réimsí sonracha neamhchomhlíonta.

Tá formhór na hoibre fíorúcháin ar na scéimeanna Covid-19 curtha i gcrích. Tá suimeanna neamhchomhlíontacha dar luach iomlán €464,000 (3.31%), nó mar sin, faighte ar ais go hiomlán faoin Scéim Fóirdheontas Pá Shealadach (TWSCS). Ar an gcaoi chéanna, don Íocaíocht Tacaíochta Athoscailte (RSP), a tugadh isteach chun cabhrú le soláthraithe seirbhíse freastal ar na costais a bhaineann le hathoscailt tar éis dhúnadh Covid-19 in 2020, bhí caiteachas neamh-incháilithe €61,535 ann a bhfuil an forchúiteamh beagnach críochnaithe ina leith. Bhí sé mar aidhm leis an Íocaíocht Tacaíochta Oibriúcháin Covid-19 (COSP) chun tacú le soláthraithe seirbhíse a bhí ag brath ar tháillí tuismitheora, chun fanacht inbhuanaithe le linn na tréimhse srianta ardleibhéil agus a chomhlíon an coinníoll maidir le gan táillí a ghearradh ar theaghlaigh nach raibh a leanaí ag freastal ar an tseirbhís. Is é €2,213 an caiteachas iomlán neamh-incháilithe atá le forchúiteamh agus tá litreacha cúitimh eisithe chuig na soláthraithe seirbhíse ábhartha. Tá fíorú ar siúl, ach fós le críochnú, don Deontas Aerála agus don Deontas Imeartha Lasmuigh arb iad na scéimeanna Covid-19 atá fós sa chlár comhlíonta reatha.

Ag deireadh 2022, thaifead próiseas bainistíochta fiachais Pobal iarmhéid féichiúnaí de thart ar €4.5 milliún i gcoinne gach clár Roinne. Áiríodh leis sin cláir seachas an clár ELC agus SAC a oibríodh an bhliain sin, agus thart ar €3 mhilliún ag baint le tionscadail chaipitil stairiúla a chuaigh siar go dtí an tréimhse 2000-2010. Tá athbhreithniú déanta ag an Roinn agus ag Pobal ar na fiacha leagáide agus tá suimeanna do-aisghabhála sainaitheanta acu. Tabharfar an próiseas bainistíochta féichiúnaithe sin chun críche trí nós imeachta socraithe a

bhunú chun fiachais a shainaithint agus a láimhseáil sa todhchaí de réir mar a thagann siad chun cinn.

***Saincheisteanna rialaithe Covid-19***

Bhí an measúnú ar thionchar phaindéim Covid-19 ina fhócas leanúnach ag an bhfoireann ardbhainistíochta agus na haonaid ghnó ar fud na Roinne ar fud 2022. Lean Aonad Bainistíochta Freagartha Covid-19 (lena n-áirítear Bainistíocht Saoráidí), a bunaíodh in 2020, ar aghaidh ag measúnú agus ag bainistiú thionchair Covid-19 ar an Roinn i rith 2022. Bhunaigh an Roinn Grúpa Bainistíochta Freagartha Covid-19 in 2020 chun formhaoirseacht a dhéanamh ar an bhfreagairt do Covid-19 in RLCMLÓ, a ndéantar cathaoirleacht air ag leibhéal an Bhoird Bainistíochta.

Coinníonn an Roinn liosta de rioscaí corparáideacha a ndéanann an Coiste Riosca athbhreithniú air ar bhonn ráithiúil. In 2020, áiríodh riosca corparáideach a bhí sonrach do phaindéim Covid-19 chun tionchar phaindéim Covid-19 ar chumas na Roinne, agus ar chumas na gcomhlachtaí atá faoina coimirce, chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar is gnách agus seirbhísí riachtanacha a sholáthar do leanaí agus do theaghlaigh a léiriú.

Leanadh le clár oibre i rith 2022 chun obair na Roinne a éascú agus chun tacú léi.

- Lean Aonad Freagartha Covid-19 lena chuid oibre i rith 2022. Bhí obair an Aonaid treoraithe ag *Prótacal um Obair go Sábháilte*: *Treoir an Dea-Chleachtais um Leanúint le Scaipeadh an COVID-19 a Chosc*, rud a d'fhoilsigh an Rialtas i mí Eanáir 2022. Nuashonraíodh na bearta a bhí i bhfeidhm chun leathadh víreas Covid-19 a chosc i gcomhréir leis an bprótacal idirthréimhseach agus le treoir náisiúnta eile.
- Tacaíodh leis an bhfoireann go léir leanúint ar aghaidh ag obair go cianda. Tugadh trealamh (TFC agus troscán) do gach ball foirne nua chun obair ón mbaile. Rinneadh socruithe chun cianmheasúnuithe eirgeanamaíochta a sholáthar don fhoireann lena sláinte agus sábháilteacht a chinntiú agus iad ag obair ina spásanna oibre baile. Déanfar measúnú in 2023 ar bhaill foirne nach bhfuair cianmheasúnuithe eirgeanamaíochta in 2022.
- Bhí tinreamh in oifigí na Roinne teoranta ar dtús do líon beag ball foirne riachtanach, agus bhí prótacail dhiana i bhfeidhm don tinreamh sin. Éascaíodh baill foirne ar ghá dóibh freastal ar an oifig ar bhonn ad hoc le haghaidh gnó riachtanach.
- Ullmhaíodh modúl sainiúil oiliúna Covid-19 agus cuireadh ar fáil é d'fhoireann uile na Roinne mar ullmhúchán le filleadh ar an oifig.
- Cuireadh tús le filleadh sábháilte céimnithe chuig an oifig i mí Feabhra 2022. Sheol an Roinn a *Beartas um Obair Chumaisc* an 29 Lúnasa 2022.
- Rinneadh ionadaíocht don Roinn ag coistí lárnacha éagsúla a bhí faoi chathaoirleacht Roinn an Taoisigh chun maoirseacht a dhéanamh ar fhreagraí uile na Roinne ar phaindéim Covid-19, lenar áiríodh Grúpa na nOifigeach Sinsearach (a thuairiscíonn don Choiste Comh-Aireachta), an Grúpa Cumarsáide agus grúpaí Earnála Státseirbhíse agus Seirbhíse Poiblí. D'fhorbair an Roinn *Plean Gníomhaíochta* ina mionsonraítear tionchair phaindéim Covid-19 ar sholáthar seirbhíse agus riaráistí/éileamh borrtha ar réimsí earnála na Roinne do Roinn an Taoisigh i gcomhréir le *Teacht Aniar agus Téarnamh COVID-19 2021 - An Bóthar Amach Romhainn*. Cuireadh an t-eolas is deireanaí ar fáil go tráthrialta freisin do Roinn an Taoisigh maidir le *COVID-19: Cur Chuige nua i leith an Dúshláin, ag Leanúint leis an Téarnamh & Athcheangal a Dhéanamh.*

- Coinníodh dlúth-theagmháil ar bun le gach comhlacht atá faoi choimirce na Roinne, ar lena linn a measúnaíodh an tionchar a bhí á imirt ag paindéim Covid-19 ar sheirbhísí agus a cuireadh bearta freagartha i bhfeidhm nó a tacaíodh leo nuair ba ghá.
- Lean an Bord Bainistíochta dá mhaoirseacht ar thionchar Covid-19 ar an Roinn agus ar na comhlachtaí atá faoina coimirce, agus coinníodh an tAire ar an eolas go hiomlán faoi sin.

**Kevin McCarthy**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

22 Meán Fómhair 2023

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 40 Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 40 Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 40 Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

**Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile**

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

***Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair***

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonta le rialacha soláthair náisiúnta maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2022.

**Rialuithe íocaíochta agus ús ar íocaíocht dhéanach**

Tá breac-chuntas tugtha ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais ar na brúnna atá ar a Roinn mar thoradh ar an gcogadh san Úcráin, agus ar na céimeanna atá á nglacadh chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb in 2023. Nochtadh i Nóta 2.11 go raibh dliteanais measta ag €54.7 milliún i gceist. tabhaithe agus sonraiscthe ag deireadh 2022, ach nár íocadh. Nochtann Nóta 6.5 gurbh ionann ús ar íocaíocht dhéanach agus cúiteamh a gearradh ar an vóta in 2022 agus €247,000.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

22 Meán Fómhair 2023

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach tá an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna cuntas leithreasa, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

## Vóta 40 Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige

## Cuntas Leithreasa 2022

| | | | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | Clár tacaíochta leanaí agus teaghlaigh | | | | |
| | *Bunaidh* | 934,956 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,250 | | | |
| | *Forlíontach* | 14,664 | | | |
| | | | 950,870 | 948,879 | 887,622 |
| B | Cláir earnála do leanaí agus do dhaoine óga | | | | |
| | *Bunaidh* | 814,378 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,950 | | | |
| | *Forlíontach* | 10,255 | | | |
| | | | 826,583 | 824,919 | 680,612 |
| C | Clár beartais agus reachtaíochta | | | | |
| | *Bunaidh* | 44,895 | | | |
| | *Forlíontach* | (7,577) | | | |
| | | | 37,318 | 33,597 | 28,896 |
| D | Sochaí chothrom ionchuimsitheach | | | | |
| | *Bunaidh* | 38,805 | | | |
| | *Forlíontach* | (4,924) | | | |
| | | | 33,881 | 29,611 | 26,634 |
| E | Córas tacaíochta atá cothrom agus éifeachtúil d'iarrthóirí cosanta idirnáisiúnta | | | | |
| | *Bunaidh* | 274,143 | | | |
| | *Forlíontach* | 693,495 | | | |
| | | | 967,638 | 892,961 | 200,460 |

| | | | 2022 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| **Ollchaiteachas** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| *Bunaidh* | 2,107,177 | | | |
| *Géilleadh iarchurtha* | 3,200 | | | |
| *Forlíontach* | 705,913 | | | |
| | | **2,816,290** | **2,729,967** | **1,824,224** |
| *Lúide* | | | | |
| F **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | |
| *Bunaidh* | 48,160 | | | |
| *Forlíontach* | (13,500) | | | |
| | | **34,660** | **35,055** | **39,175** |
| **Glanchaiteachas** | | | | |
| *Bunaidh* | 2,059,017 | | | |
| *Géilleadh iarchurtha* | 3,200 | | | |
| *Forlíontach* | 719,413 | | | |
| | | **2,781,630** | **2,694,912** | **1,785,049** |

**Barrachas**

Dlitear barrachas na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a feidhmíodh a ghéilleadh don Státchiste.

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas | 86,718,120 | 98,511,940 |
| Géilleadh iarchurtha | — | (3,200,000) |
| **Barrachas le géilleadh** | **86,718,120** | **95,311,940** |

**Kevin McCarthy**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

22 Meán Fómhair 2023

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2022

| | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas an chláir | | 2,691,451 | 1,794,047 |
| Pá | | 33,484 | 25,252 |
| Neamhphá | | 5,032 | 4,925 |
| **Ollchaiteachas** | | **2,729,967** | **1,824,224** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **35,055** | **39,175** |
| **Glanchaiteachas** | | **2,694,912** | **1,785,049** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (40,462) | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 2 | | |
| Dímheas | 5,240 | (35,220) | 3,739 |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar réamhíocaíochtaí | (5,366) | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 156,580 | 151,214 | (8,311) |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **2,810,906** | **1,780,477** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 7,187 | 5,997 |
| **Glanchostas an chláir** | | **2,818,093** | **1,786,474** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna measta seo a leanas i ndáil le Vóta 40 a iompraíodh in áit eile.

| | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 41 | 30 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 2,866 | 2,126 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 3,366 | 3,129 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 74 | 60 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 70 | — |
| Vóta 43 | Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | 695 | 581 |
| An Príomh-Chiste - pinsin na n-airí | | 75 | 71 |
| | | **7,187** | **5,997** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2022

| | Nóta | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 100,359 | 63,701 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 32,716 | 35,669 |
| Fardail | | 6 | 6 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.3 | 29,729 | 24,363 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 12,049 | 349 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **74,500** | **60,387** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.5 | 158,904 | 2,324 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 3,286 | 5,051 |
| An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht | 2.7 | 30,582 | 25,117 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.8 | 10,897 | 5,850 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **203,669** | **38,342** |
| **(Glandliteanais reatha)/glansócmhainní reatha** | | (129,169) | 22,045 |
| **(Glandliteanais)/glansócmhainní** | | **(28,810)** | **85,746** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.9 | **(28,810)** | **85,746** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Trealamh oifige | Troscán, feistis agus mótarfheithiclí | Sócmhainní atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2022 [a] | 61,718 | 14,818 | 922 | — | 77,458 |
| Coigeartuithe [b] | — | 1,797 | — | — | 1,797 |
| Breiseanna [c] | 8,707 | 2,303 | 182 | 29,270 | 40,462 |
| Diúscairtí | — | (60) | — | — | (60) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2022 | 70,425 | 18,858 | 1,104 | 29,270 | 119,657 |
| | | | | | |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2022 | 7,145 | 6,152 | 460 | — | 13,757 |
| Coigeartuithe | — | 359 | — | — | 359 |
| Dímheas don bhliain | 1,402 | 3,743 | 95 | — | 5,240 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (58) | — | — | (58) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2022 | 8,547 | 10,196 | 555 | — | 19,298 |
| | | | | | |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2022** | **61,878** | **8,662** | **549** | **29,270** | **100,359** |
| | | | | | |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021 | 54,573 | 8,666 | 462 | — | 63,701 |

Nóta [a] Áirítear leis seo sócmhainní a fuarthas ar chostas faoi bhun €10,000 roimh an 1 Eanáir 2021.

[b] Áirítear le trealamh oifige coigeartú maidir leis an gcóras Ardán Luathbhlianta um Bainistíocht Caidrimh le Custaiméirí (CRM) arna fhorbairt ag Pobal in 2021.

[c] Tá sócmhainní atá á bhforbairt comhdhéanta de chaiteachas a bhaineann leis an gClár Mearthógála Tithíochta agus leis an gcóras Ardán Luathbhlianta um Bainistíocht Caidrimh le Custaiméirí (CRM) arna fhorbairt ag Pobal.

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta | (4,835) | 32,900 |
| Iarmhéideanna eile bainc | 37,551 | 2,769 |
| | **32,716** | **35,669** |

## 2.3 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pobal | 13,584 | 10,659 |
| Costais iarrthóirí cosanta idirnáisiúnta | 12,817 | 13,174 |
| Cóiríocht do mhuintir na hÚcráine agus caiteachas gaolmhar áirithe | 1,890 | — |
| Cláir chúram leanaí | 1,000 | — |
| Riarachán/oibríochtúil | 288 | 357 |
| Taighde | 150 | 173 |
| | **29,729** | **24,363** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Airleacain le OOP | 8,009 | 24 |
| Scéim aitheantais na hÚcráine | 3,660 | — |
| Tuarastail in-aisghabhála | 79 | 76 |
| Míreanna dochar eile ar fionraí | 301 | 249 |
| | **12,049** | **349** |

## 2.5 Speansais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Cóiríocht do mhuintir na hÚcráine agus caiteachas gaolmhar áirithe | 143,626 | — |
| Costais iarrthóirí cosanta idirnáisiúnta | 14,481 | 1,565 |
| Lánpháirtíocht dídeanaithe agus imirceach | 207 | 197 |
| Fabhruithe clár eile | 140 | 244 |
| Riarachán/oibríochtúil | 450 | 318 |
| | **158,904** | **2,324** |

## 2.6 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 755 | 617 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 569 | 449 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 191 | 54 |
| Cáin bhreisluacha | 63 | 54 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 6 | 6 |
| Muirear sóisialach uilíoch | 149 | 119 |
| | 1,733 | 1,299 |
| Fáltais bhreise ón Státchiste | 505 | 2,967 |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 1,048 | 785 |
| | **3,286** | **5,051** |

## 2.7 An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Fáltais ó AE | **30,582** | **25,117** |

## 2.8 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Barrachas le géilleadh | 86,718 | 95,312 |
| Géilleadh iarchurtha | — | 3,200 |
| Deontas Státchiste nár tarraingíodh | (75,821) | (92,662) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **10,897** | **5,850** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 32,716 | 35,669 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 12,049 | 349 |
| | 44,765 | 36,018 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,733) | (1,299) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (1,553) | (3,752) |
| An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht | (30,582) | (25,117) |
| | (33,868) | (30,168) |
| | **10,897** | **5,850** |

## 2.9 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 85,746 | 81,174 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 2,781,630 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | — | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (86,718) | | |
| Glanvóta | | | 2,694,912 | 1,785,049 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 7,187 | 5,997 |
| Coigeartú | 2.1 | | 1,438 | — |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (2,818,093) | (1,786,474) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **(28,810)** | **85,746** |

## 2.10 Ceangaltais

| **a) Ceangaltais dhomhanda** ag an 31 Nollaig | **2022** **€000** | **2021** **€000** |
|---|---|---|
| Soláthar earraí agus seirbhísí [a] | 96,092 | 33,362 |
| Caipiteal [b] | 208,390 | 153 |
| Cláir deontas neamhchaipitil [c] | 235,055 | — |
| **Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí** | **539,537** | **33,515** |

Nóta [a] Baineann an méadú ar sholáthar earraí agus seirbhísí go príomha leis na nithe seo a leanas:

- ceangaltais a thabhairt isteach maidir le cóiríocht a sholáthar do thairbhithe cosanta sealadaí mar thoradh ar fhreagairt na Roinne ar ghéarchéim na hÚcráine
- ceangaltais IPPS mar thoradh ar na leibhéil is airde riamh de dhaoine nuathagtha a bhí ag lorg cosaint idirnáisiúnta in 2022.

[b] Tháinig méadú ar na ceangaltais chaipitil mar thoradh ar thús a chur leis an gclár mearthógála do thithíocht mhodúlach in 2022 mar chuid de fhreagairt na Roinne ar ghéarchéim na hÚcráine.

[c] Tá na cláir deontas neamhchaipitil comhdhéanta de bhunmhaoiniú €175 mhilliún agus íocaíocht aitheantais €60 milliún i leith na hÚcráine, ar nithe iad nach raibh i bhfeidhm in 2021.

**b) Mórthionscadail chaipitil**

| | **Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2021** | **Caiteachas in 2022** | **Ceangaltais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin** | **Caiteachais iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2022** | **Caiteachais iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2021** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Clár Mearthógála | **—** | **29,010** | **208,390** | **237,400** | **—** |

## 2.11 Dliteanais aibithe

| ag an 31 Nollaig | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Meastacháin ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana | 54,675 | 1,972 |

## 2.12 Dliteanais theagmhasacha

Bhí costais dlí na n-ocht n-athbhreithniú bhreithiúnacha a shocraigh an Roinn i mí na Nollag 2021 agus a tugadh faoi deara i gCuntas Leithreasa 2021 fós iníoctha amhail an 31 Nollaig 2022. Táthar ag súil leis go n-íocfaidh an Roinn na costais dlí do na hiarratasóirí in 2023. Níl an Roinn in ann an dliteanas iomlán atá le socrú a chainníochtú faoi láthair toisc go bhfuil iarraidh ar íocaíocht fós le fáil ag an Roinn.

Tá costais dlí maidir le dhá chás clárúcháin breithe neamhdhleathaigh a shocraigh an Roinn le linn 2022 iníoctha amhail an 31 Nollaig 2022. Níl an Roinn in ann an dliteanas iomlán atá le socrú a chainníochtú faoi láthair. Íocadh costais eile a bhaineann leis na cásanna sin in 2023, mar atá tugtha faoi deara i Nóta 6.2.

Tugadh slánaíochtaí d'úinéirí Citywest maidir leis an úsáid a bhain an Roinn as an óstán agus as an ionad comhdhála mar Mhol Idirthurais do thairbhithe cosanta sealadaí agus d'iarrastóirí ar chosaint idirnáisiúnta. Baineann na slánaíochtaí sin le cealú imeachtaí san ionad comhdhála, árachas agus na damáistí/dlíthíocht a d'fhéadfadh teacht as éilimh ó chónaitheoirí. Meastar gur fiú thart ar €2 mhilliún iad na costais a bhaineann le cealú na n-imeachtaí, ach tá idirbheartaíocht fós ar siúl idir Citywest agus páirtithe ábhartha éagsúla maidir le cealuithe. Ní raibh aon éileamh ann go dtí seo maidir le hárachas, damáistí nó dlíthíocht agus tá suim agus uainiú iarbhír na ndliteanas féideartha éiginnte.

Fuair an Roinn ordachán ón gCoimisiún Imscrúdúcháin tuairim is €71,000 a íoc leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát i leith costais dlí. Mar sin féin, tá an tsuim á díospóid ag an éilitheoir faoi láthair agus mar sin níl an Roinn in ann an dliteanas iomlán atá le socrú ná uainiú na híocaíochta a chainníochtú faoi láthair.

Tá baint ag an Roinn le 46 chás dlí, sé cinn a tugadh faoi deara i gCuntas Leithreasa 2021, a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá suim agus uainiú iarbhír na ndliteanas féideartha éiginnte.

Tá dhá agóid dhlíthiúla fhéideartha ann a bhaineann le coimircíocht agus tá 64 chás díobhála pearsanta féideartha ann, ar tugadh 54 cinn díobh faoi deara i gCuntas Leithreasa 2021, a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá suim agus uainiú iarbhír na ndliteanas féideartha éiginnte.

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar fud na gclár, chun costálacha iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | |
| | *Bunaidh* | 40,819 | | | |
| | *Forlíontach* | (4,460) | | | |
| | | | 36,359 | 33,484 | 25,252 |
| ii | Taisteal agus cothú | | | | |
| | *Bunaidh* | 260 | | | |
| | *Forlíontach* | (49) | | | |
| | | | 211 | 335 | 126 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | | | | |
| | *Bunaidh* | 3,437 | | | |
| | *Forlíontach* | (649) | | | |
| | | | 2,788 | 1,761 | 1,885 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | | |
| | *Bunaidh* | 123 | | | |
| | *Forlíontach* | (23) | | | |
| | | | 100 | 154 | 101 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,567 | | | |
| | *Forlíontach* | (295) | | | |
| | | | 1,272 | 945 | 952 |
| vi | Costais áitribh oifige | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,600 | | | |
| | *Forlíontach* | (300) | | | |
| | | | 1,300 | 1,603 | 1,721 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,299 | | | |
| | *Forlíontach* | (244) | | | |
| | | | 1,055 | 234 | 140 |
| | | | **43,085** | **38,516** | **30,177** |

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

**iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Soláthar meastacháin €3.437 milliún; toradh €1.761 milliún*

Baineann an tearc-chaitheamh €1.676 milliún go príomha le táillí dlí a bhaineann le himeachtaí nach bhfuarthas roimh dheireadh na bliana agus bhí na costais a bhain le híoslaghdú sonraí maidir leis an gcartlann Áras Máithreacha agus Naíonán níos lú ná mar a bhíothas ag coinne leis mar gheall ar riachtanas chun cuid den obair a sholáthar go hinmheánach chomh maith le héileamh foriomlán níos ísle ar fhreastal ar imeachtaí i bpearsa amhail comhdhálacha.

**v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha**

*Soláthar meastacháin €1.567 milliún; toradh €945,000*

Ba é tionchar ghéarchéim na hÚcráine go príomha a spreag an tearc-chaitheamh €622,000 toisc gur cuireadh tionscadail phleanáilte ar athló chun go bhféadfaí tionscadail shonracha maidir le géarchéim na hÚcráine a chur ar siúl. Ba é ba chúis leis an tearc-chaitheamh freisin ná an mhoill ar aistriú feidhmeanna do na Sainseirbhísí Pobail Míchumais ón Roinn Sláinte.

**vii Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe**

*Soláthar meastacháin €1.299 milliún; toradh €234,000*

Níor tháinig an caiteachas ionchais ar chomhairleoireacht chun cinn i rith na bliana.

## Clár A Tacaíocht leanaí agus teaghlaigh

| | | | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| A.1 | Riarachán − pá | | | | | |
| | *Bunaidh* | 7,346 | | | | |
| | *Forlíontach* | (793) | | | | |
| | | | 6,553 | 6,026 | | 3,283 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,491 | | | | |
| | *Forlíontach* | (282) | | | | |
| | | | 1,209 | 905 | | 886 |
| A.3 | An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | | | | | |
| | *Bunaidh* | 898,453 | | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,000 | | | | |
| | *Forlíontach* | 16,187 | | | | |
| | | | 915,640 | 915,640 | | 857,345 |
| A.4 | Ceartas óige – lena n-áirítear Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh | | | | | |
| | *Bunaidh* | 26,820 | | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 250 | | | | |
| | *Forlíontach* | 398 | | | | |
| | | | 27,468 | 26,308 | | 26,108 |
| A.5 | Oifig Feidhmiúcháin Caomhnóirí ad Litem | | | | | |
| | *Bunaidh* | 845 | | | | |
| | *Forlíontach* | (845) | | | | |
| | | | — | — | | — |
| A.6 | Tacaí a bhaineann le Covid-19 ón nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | | | | | |
| | *Bunaidh* | 1 | | | | |
| | *Forlíontach* | (1) | | | | |
| | | | — | — | | — |
| | | | **950,870** | **948,879** | | **887,622** |

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €12.673 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh ar dtús.

**A.5 Oifig Feidhmiúcháin Caomhnóirí ad Litem**

*Soláthar meastacháin €845,000; toradh €nialas*

Tharla an neamhchaiteachas €845,000 mar gheall ar an tionscadal a chur ar sos tar éis moill in achtú na reachtaíochta lena mbuntacaítear leis. Síníodh ina dhlí an 19 Iúil 2022 an tAcht um Chúram Leanaí (Leasú), 2022, lena bhforáiltear d'athchóiriú ar an gcóras caomhnóirí ad litem (GAL). Chuir éiginnteacht roimhe maidir leis na hamlínte chun an reachtaíocht sin a achtú, mar aon le tosaíocht a thabhairt d'éilimh eile, srian ar dhul chun cinn breise air sin sa dara leath den bhliain. Mar ullmhúchán do thosach feidhme an Achta, tá cuid mhór oibre ar siúl anois sa Roinn. Tá sé beartaithe ag an Roinn go mbeidh an tseirbhís náisiúnta nua caomhnóirí ad litem á hoibriú ag oifig feidhmiúcháin. Ní mór don Roinn a chinntiú go bhfuil an oifig feidhmiúcháin sin bunaithe agus lánfheidhmiúil sula dtagann na forálacha reachtúla i bhfeidhm.

## Clár B Cláir earnála do leanaí agus do dhaoine óga

| | | | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán − pá | | | | |
| | *Bunaidh* | 9,389 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,029) | | | |
| | | | 8,360 | 7,702 | 6,313 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,906 | | | |
| | *Forlíontach* | (358) | | | |
| | | | 1,548 | 1,158 | 1,182 |
| B.3 | Cláir réamhscoile ECCE agus AIM | | | | |
| | *Bunaidh* | 316,600 | | | |
| | *Forlíontach* | 12,667 | | | |
| | | | 329,267 | 330,867 | 323,154 |
| B.4 | An Scéim Náisiúnta Cúram Leanaí agus cláir eile chúram leanaí | | | | |
| | *Bunaidh* | 208,726 | | | |
| | *Forlíontach* | 8,349 | | | |
| | | | 217,075 | 219,942 | 185,958 |
| B.5 | Cláir chúram leanaí: tacaí soláthair agus tionscnaimh eile | | | | |
| | *Bunaidh* | 153,610 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 750 | | | |
| | *Forlíontach* | 6,261 | | | |
| | | | 160,621 | 158,442 | 84,411 |
| B.6 | Eagraíochtaí agus seirbhísí óige (á bpáirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta) | | | | |
| | *Bunaidh* | 73,289 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,200 | | | |
| | *Forlíontach* | (494) | | | |
| | | | 73,995 | 72,492 | 68,575 |
| B.7 | Éire Ildánach | | | | |
| | *Bunaidh* | 150 | | | |
| | *Forlíontach* | (99) | | | |
| | | | 51 | 120 | 7 |
| B.8 | Bearta míbhuntáiste eacnamaíoch agus shóisialta (á maoiniú ag Cuntais Dhíomhaoine) | | 12,008 | 10,545 | 9,388 |

| | | | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.9 | An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,700 | | | |
| | *Forlíontach* | (718) | | | |
| | | | 982 | 975 | 1,624 |
| B.10 | Tacaí a bhaineann le Covid-19 a bhaineann le Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige (ELC) agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile (SAC) | | | | — |
| | *Bunaidh* | 37,000 | | | |
| | *Forlíontach* | (14,324) | | | |
| | | | 22,676 | 22,676 | — |
| | | | **826,583** | **824,919** | **680,612** |

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár B €8.591 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh ar dtús.

**B.4 An Scéim Náisiúnta Cúram Leanaí agus cláir eile chúram leanaí eile**

*Soláthar meastacháin €208.726 milliún; toradh €219.942 milliún*

Ba é ba phríomhchúis leis an róchaitheamh €11.2 milliún i gcomparáid leis an soláthar meastacháin ná an filleadh ar leibhéil úsáide réamh-mheasta roimh an bpaindéim agus tabhairt isteach an dá leasú NCS i mí na Bealtaine agus i mí Lúnasa 2022. Ba é an chéad bheart athchóirithe ná deireadh a chur leis an gcleachtas maidir le huaireanta a chaitear ar réamhscoil nó ar scoil a bhaint as an teidlíocht chun uaireanta fóirdheonaithe NCS. Chuaigh an beart sin chun tairbhe do thart ar 5,000 leanbh ó theaghlaigh ar ioncam íseal ó mhí na Bealtaine 2022 ar aghaidh. Ba é an dara beart an síneadh ar an aois incháilitheachta go 15 bliana chun rochtain a fháil ar fhóirdheontas uilíoch NCS ó mhí Lúnasa 2022. Measadh go mbainfeadh suas le 40,000 leanbh leas as an síneadh sin. Mar thoradh ar an dá bheart, tá méadú tagtha ar líon na gclárúchán ó thart ar 30,000 ceann ag tús na bliana féilire 2022 go dtí timpeall 98,000 ceann faoi dheireadh na bliana 2022. Cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe €3.1 milliún chun cuid den chostas sin a chlúdach.

**B.8 Bearta míbhuntáiste eacnamaíoch agus shóisialta (á maoiniú ag Cuntais Dhíomhaoine)**

*Soláthar meastacháin €12.008 milliún; toradh €10.545 milliún*

Tharla an t-easnamh €1.5 milliún i gcaiteachas go príomha mar gheall ar mhoill ar leibhéal na heagraíochta mar gheall ar an timpeallacht dhúshlánach earcaíochta foirne (2022) agus moill ar thús an tionscnaimh mar gheall ar shrianta sláinte poiblí (2021/tús 2022) chomh maith leis an moill ar thosú an Tionscadail Taispeána um Theiripe Scoile agus an Tionscadail um Threoirlínte maidir le Dearadh Uilíoch do Shuíomhanna ELC a Chur Chun Cinn in 2022.

**B.9 An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas**

*Soláthar meastacháin €1.7 milliún; toradh €975,000*

Léiríonn an t-easnamh €725,000 i gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin an t-aistriú idir cláir mhaoinithe, agus an caiteachas deiridh á scaoileadh ar chríochnú na bpróiseas riachtanach faoi PEACE IV. Comhlíonadh na riachtanais airgid go léir.

**B.10 Tacaí a bhaineann le Covid-19 a bhaineann le Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige (ELC) agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile (SAC)**

*Soláthar meastacháin €37 milliún; toradh €22.676 milliún*

Tharla an t-easnamh €14.3 milliún i gcaiteachas mar gheall ar riachtanais mhaoinithe a bheith níos ísle ná mar a ceapadh don chiste aistrithe. Tugadh isteach an ciste aistrithe chun an tréimhse idir deireadh thacaí Covid-19 (Nollaig 2021) agus tabhairt isteach an bhunmhaoinithe (Lúnasa 2022) a dhúnadh. Mar sin féin, d'fheidhmigh an ciste aistrithe ar feadh tréimhse níos giorra, Bealtaine go Lúnasa, seachas Eanáir go Lúnasa mar a bhí beartaithe.

## Clár C Beartas agus reachtaíocht

| | | | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán − pá | | | | |
| | *Bunaidh* | 12,246 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,342) | | | |
| | | | 10,904 | 10,045 | 7,828 |
| C.2 | Riarachán – neamhphá | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,486 | | | |
| | *Forlíontach* | (467) | | | |
| | | | 2,019 | 1,510 | 1,478 |
| C.3 | Táillí agus socraíochtaí dlí ilghnéitheacha | | 539 | 67 | — |
| C.4 | An Staidéar Náisiúnta Fadaimseartha agus cláir thaighde eile | | | | |
| | *Bunaidh* | 3,639 | | | |
| | *Forlíontach* | (99) | | | |
| | | | 3,540 | 3,175 | 3,833 |
| C.5 | Creat beartais leanaí agus daoine óga agus cláir eile | | | | |
| | *Bunaidh* | 8,048 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,709) | | | |
| | | | 6,339 | 6,131 | 6,048 |
| C.6 | Údarás Uchtála na hÉireann | | | | |
| | *Bunaidh* | 6,966 | | | |
| | *Forlíontach* | 591 | | | |
| | | | 7,557 | 8,096 | 4,219 |
| C.7 | Oifig an Ombudsman do Leanaí | | | | |
| | *Bunaidh* | 3,312 | | | |
| | *Forlíontach* | 183 | | | |
| | | | 3,495 | 3,495 | 2,955 |
| C.8 | Freagairt ar oidhreacht Institiúidí Máithreacha agus Naíonán | | | | |
| | *Bunaidh* | 7,359 | | | |
| | *Forlíontach* | (5,034) | | | |
| | | | 2,325 | 568 | 1,981 |
| C.9 | Ciste Magdalen | | | | |
| | *Bunaidh* | 300 | | | |
| | *Forlíontach* | 300 | | | |
| | | | 600 | 510 | 554 |
| | | | **37,318** | **33,597** | **28,896** |

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár C €11.298 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús.

**C.3 Táillí agus socraíochtaí dlí ilghnéitheacha**

*Soláthar meastacháin €539,000; toradh €67,000*

Tharla an t-easnamh €472,000 i gcaiteachas mar gheall ar chineál athraitheach an chaiteachais san fho-mhírcheann agus na deacrachtaí a bhíonn mar thoradh orthu go ginearálta maidir le torthaí agus costais a bhaineann le cásanna agus cúrsaí dlí a thuar.

**C.4 An Staidéar Náisiúnta Fadaimseartha agus cláir thaighde eile**

*Soláthar meastacháin €3.639 milliún; toradh €3.175 milliún*

Tharla an t-easnamh €464,000 i gcaiteachas go príomha mar gheall ar thearc-chaitheamh ar obair allamuigh agus ábhair inchaite d'fhoireann an Staidéir um Fhás Aníos in Éirinn san Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI), tearc-chaitheamh a bhaineann le himeacht foirne agus saoire gan phá a glacadh i bhfoireann staidéir ESRI chomh maith le costais aistrithe na Príomh-Oifige Staidrimh a bhí níos ísle ná mar a buiséadaíodh freisin.

**C.5 Creat beartais leanaí agus daoine óga agus cláir eile**

*Soláthar meastacháin €8.048 milliún; toradh €6.131 milliún*

Tharla an t-easnamh €1.917 milliún i gcaiteachas go príomha mar gheall ar an moill ar mhaoiniú ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) a phróiseáil do thionscadail a bhfuil sé mar aidhm leo aghaidh a thabhairt ar riachtanais tacaíochta do thuismitheoirí, riachtanais tacaíochta tuismitheoirí óga, ciste feasachta tuismitheoireachta agus méadú ar shamhlacha cruthaithe idirghabhála. Cuireadh iad sin faoi bhráid Choimisiún AE le haghaidh mhaoiniú CSE in 2022.

### C.6 Údarás Uchtála na hÉireann

*Soláthar meastacháin €6.966 milliún; toradh €8.096 milliún*

Tharla an méadú €1.13 milliún ar chaiteachas go príomha mar gheall ar chostais a tabhaíodh agus an tAcht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022, á ullmhú agus á chur i bhfeidhm. Bhain príomhréimsí róchaithimh leis an bhfeachtas faisnéise poiblí a bhí ina chlár feasachta náisiúnta chun tacú leis an reachtaíocht, rud a cheanglaítear leis an Acht féin. Áiríodh leis an bhfeachtas fógraíocht ar an teilifís, ar an raidió agus ar na meáin shóisialta, ar fhógraíocht sa phreas intíre agus idirnáisiúnta, chomh maith le bileog náisiúnta a dhearadh, a phriontáil agus a sheachadadh chuig gach áit chónaithe.

Bhí comhairle dlí ag teastáil ó Údarás Uchtála na hÉireann (AAI) freisin maidir le cur i bhfeidhm an Achta. Ina theannta sin, fuair AAI spás chun taifid thábhachtacha uchtála agus taifid a bhaineann le huchtáil a stóráil, chun a ról reachtúil a chomhlíonadh maidir le taifid a chosaint faoin Acht. Ar deireadh, is deacair costais dlí AAI thar thréimhse bliana a thuar go cruinn agus áirítear leo cásanna inarb é AAI an freagróir nó ina bhfuil dualgas ar AAI de réir na ngníomhartha uchtála cás a tharchur chuig an Ard-Chúirt. Bhí comhairle dlí de dhíth ar roinnt cásanna casta uchtála.

### C.7 Oifig an Ombudsman do Leanaí

*Soláthar meastacháin €3.312 milliún; toradh €3.495 milliún*

Is é is cúis leis an róchaitheamh €183,000 ná fomheastachán ar chostais tuarastail bliana iomláine a bhain le baill foirne bhreise a earcaíodh le linn 2022 agus leithdháileadh buiséid 2022 á lorg.

### C.8 Freagairt ar oidhreacht Institiúidí Máithreacha agus Naíonán

*Soláthar meastacháin €7.359 milliún; toradh €568,000*

Is é is cúis leis an easnamh €6.791 milliún i gcaiteachas ná moill ar achtú na reachtaíochta faisnéise breithe agus rianaithe agus dá bharr sin moill ar oifig feidhmiúcháin a bhunú chun scéim Íocaíochta na nInstitiúidí Máithreacha agus Naíonán a riar.

### C.9 Ciste Magdalen

*Soláthar meastacháin €300,000; toradh €510,000*

Tharla an róchaitheamh €210,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin go príomha mar gheall ar éilimh a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis mar thoradh ar Scéim Magdalen, ar scéim atá bunaithe ar éileamh í.

## Clár D Sochaí chothrom ionchuimsitheach

| | | | | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| D.1 | Riarachán – pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,633 | | | |
| | | *Forlíontach* | (179) | | | |
| | | | | 1,454 | 1,340 | 1,010 |
| D.2 | Riarachán – neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 331 | | | |
| | | *Forlíontach* | (63) | | | |
| | | | | 268 | 201 | 148 |
| D.3 | An tÚdarás Náisiúnta Míchumais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 5,453 | | | |
| | | *Forlíontach* | 61 | | | |
| | | | | 5,514 | 5,330 | 4,754 |
| D.4 | Lánpháirtíocht dídeanaithe agus imirceach | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 9,128 | | | |
| | | *Forlíontach* | (2,261) | | | |
| | | | | 6,867 | 4,355 | 4,814 |
| D.5 | Deontais d'eagraíochtaí náisiúnta na mban | | | 611 | 611 | 556 |
| D.6 | Tionscnaimh an Lucht Siúil agus na Romach | | | 5,659 | 5,077 | 4,914 |
| D.7 | Gníomhaíocht Dhearfach ar son Comhionannas Inscne | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 5,865 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,701) | | | |
| | | | | 4,164 | 3,190 | 3,414 |
| D.8 | Tionscnaimh chomhionannais agus LADTI | | | 1,025 | 1,293 | 1,670 |
| D.9 | Seirbhís Tacaíochta Cinntí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 7,300 | | | |
| | | *Forlíontach* | (781) | | | |
| | | | | 6,519 | 6,519 | 5,354 |
| D.10 | Comhionannas Míchumais | | | 1,800 | 1,695 | — |
| | | | | **33,881** | **29,611** | **26,634** |

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár D €9.194 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús.

**D.4 Lánpháirtíocht dídeanaithe agus imirceach**

*Soláthar meastacháin €9.128 milliún; toradh €4.355 milliún*

Is de bharr moill ar Chomhaontuithe Deontais le hÚdaráis Áitiúla, de bharr an tionchair agus na ndúshlán a bhaineann le géarchéim na hÚcráine, a tháinig an t-easnamh €4.773 milliún i gcaiteachas.

**D.6 Tionscnaimh an Lucht Siúil agus na Romach**

*Soláthar meastacháin €5.659 milliún; toradh €5.077 milliún*

Tharla an t-easnamh €582,000 i gcaiteachas mar gheall ar riachtanas a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis maidir leis na cistí a cuireadh ar leataobh le haghaidh íocaíochtaí teagmhasacha le heagraíochtaí an Lucht Siúil agus na Romach chun dul i ngleic le tionchar Covid-19 in 2022.

**D.7 Gníomhaíocht Dhearfach ar son Comhionannas Inscne**

*Soláthar meastacháin €5.865 milliún; toradh €3.19 milliún*

Áiríodh leis an easnamh €2.675 milliún i gcaiteachas €1.735 milliún do ghlao nua maoinithe um chomhionannas inscne ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE), rud nár tharla.

Bhí tearc-chaitheamh freisin ar mhaoiniú a bhain le tuairisciú na bearna pá idir fir agus mná a thabhairt isteach, chomh maith le maoiniú a cuireadh in áirithe do chomhairliúcháin ar straitéis nua, rud nár úsáideadh ach oiread.

**D.8 Tionscnaimh chomhionannais agus LADTI**

*Soláthar meastacháin €1.025 milliún; toradh €1.293 milliún*

Is é is cúis leis an róchaitheamh €268,000 ná go raibh ró-éileamh ann ar an nglao maoinithe don Chiste Seirbhísí Pobail LADTI+ agus gur cinneadh an oiread tionscadal incháilithe agus ab fhéidir a mhaoiniú.

**D.9 Seirbhís Tacaíochta Cinntí**

*Soláthar meastacháin €7.3 milliún; toradh €6.519 milliún*

Is é is cúis leis an easnamh €781,000 i gcaiteachas ná costais a bheith níos ísle ná mar a measadh maidir le hearcú foirne. Mar gheall ar shíneadh ar an amlíne le rith an Achta um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) (Leasú), 2022, de réir mar a chuaigh sé ar aghaidh trí na Tithe, earcaíodh roinnt pearsanra níos déanaí ná mar a bhíothas ag súil leis ar dtús.

**D.10 Comhionannas Míchumais**

*Soláthar meastacháin €1.8 milliún; toradh €1.695 milliún*

Tharla an t-easnamh €105,000 i gcaiteachas go príomha mar gheall ar chostais a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis maidir le cruinnithe a éascú i rith na bliana toisc go raibh laghdú ann sa líon cruinnithe a tionóladh i bpearsa le geallsealbhóirí, mar gheall ar éifeacht leanúnach na paindéime, agus mar thoradh air sin bhí laghdú ann sna costais a bhain le socruithe réasúnacha. Mar gheall ar thionchar an chogaidh san Úcráin agus athstruchtúrú inmheánach, níor cuireadh chun cinn tionscadail áirithe, amhail cleachtadh mapála agus scéim um chóitseáil poist, agus leithdháiltí á n-athphróifíliú chun an Coinbhinsiún um Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CRPD) agus gníomhaíochtaí ardaithe feasachta fostaíochta a threisiú.

## Clár E Córas tacaíochta atá cothrom agus éifeachtach d'iarrthóirí cosanta idirnáisiúnta

| | | | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| E.1 | Riarachán − pá | | | | |
| | *Bunaidh* | 10,205 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,117) | | | |
| | | | 9,088 | 8,371 | 6,818 |
| E.2 | Riarachán – neamhphá | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,072 | | | |
| | *Forlíontach* | (390) | | | |
| | | | 1,682 | 1,258 | 1,231 |
| E.3 | An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,930 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,087) | | | |
| | | | 1,843 | 1,538 | 1,580 |
| E.4 | Cóiríocht d'iarrthóirí cosanta idirnáisiúnta | | | | |
| | *Bunaidh* | 258,936 | | | |
| | *Forlíontach* | 102,889 | | | |
| | | | 361,825 | 367,223 | 190,831 |
| E.5 | Cóiríocht do Mhuintir na hÚcráine agus Costais Ghaolmhara | | | | |
| | *Bunaidh* | — | | | |
| | *Forlíontach* | 593,200 | | | |
| | | | 593,200 | 514,571 | — |
| | | | **967,638** | **892,961** | **200,460** |

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár E €618.818 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh ar dtús.

**E.3 An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht**

*Soláthar meastacháin €2.93 milliún; toradh €1.538 milliún*

Is é is cúis leis an easnamh €1.392 milliún i gcaiteachas ná an mhoill ar mhaoiniú a cheadú faoi ghlao ar thograí. Mar thoradh air sin, tarlóidh cuid de na híocaíochtaí go luath in 2023.

**E.4 Cóiríocht d'iarrthóirí cosanta idirnáisiúnta**

*Soláthar meastacháin €258.936 milliún; toradh €367.223 milliún*

Is é is cúis leis an róchaitheamh €108.287 milliún ná na leibhéil is airde riamh de dhaoine nuathagtha a bhí ag lorg cosaint idirnáisiúnta in 2022. Ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022, rinne breis agus 15,000 duine iarratas ar chosaint idirnáisiúnta. Ba é an meastachán bliantúil do dhaoine nuathagtha ná 3,500 duine, bunaithe ar fhigiúirí teachta do na blianta 2017 go 2019.

Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí os cionn 19,300 duine ar lóistín sa chóras cóiríochta don Lucht Iarrtha Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta (IPAS) ina iomláine. Ag deireadh 2021 ba é an figiúr sin ná 7,724 dhuine.

Osclaíodh breis is 63 ionad éigeandála in 2022. Ní áirítear leis an bhfigiúr sin socruithe an-ghearrthéarmach mar úsáid hallaí scoile, puball agus áiseanna spóirt. Is é an meánchostas cóiríochta éigeandála in aghaidh an duine in aghaidh na hoíche ná idir €70 agus €80.

**E.5 Cóiríocht do mhuintir na hÚcráine agus costais ghaolmhara**

*Soláthar meastachán €nialas; toradh €514.571 milliún*

Tharla an róchaitheamh €515 mhilliún mar gheall ar ghéarchéim na hÚcráine nár buiséadaíodh di ar dtús. Mar thoradh air sin, b'éigean cóiríocht óstáin agus cóiríocht eile a fháil don líon suntasach tairbhithe cosanta sealadaí. Cuireadh fo-mhírcheann nua (E5) ar bun chun caiteachas maidir leis an Úcráin a ghabháil ar leithligh mar chuid den mheastachán forlíontach. Caitheadh an leithdháileadh breise sin ar chóiríocht agus ar thacaí eile do thairbhithe cosanta sealadaí ón Úcráin.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Measta | | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Scéim aoisliúntais – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | | 9,086 | 8,672 | 8,580 |
| 2 | Scéim aoisliúntais – foireann neamhtheagaisc Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh | | 711 | 685 | 656 |
| 3 | Scéim aoisliúntais – Údarás Uchtála na hÉireann | | 1 | — | — |
| 4 | Scéim aoisliúntais – Oifig an Ombudsman do Leanaí | | 2 | — | — |
| 5 | Ilghnéitheach | | 343 | 583 | 469 |
| 6 | Fáltais ó Chuntais Dhíomhaoine | | 12,008 | 10,531 | 9,389 |
| 7 | An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | | 1,939 | 1,801 | 1,330 |
| 8 | Fáltais ó AE | | | | |
| | *Bunaidh* | 15,000 | | | |
| | *Forlíontach* | (13,500) | | | |
| | | | 1,500 | 3,335 | 9,699 |
| 9 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | | 9,070 | 9,448 | 9,052 |
| | **Iomlán** | | **34,660** | **35,055** | **39,175** |

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €13.105 milliún níos ísle ná mar a réamh-mheasadh.

**5 Ilghnéitheach**

*Soláthar meastacháin €343,000; réadaithe €583,000*

Ní féidir na fáltais ilghnéitheacha seo a thuar agus is deacair iad a thuar go cruinn.

**6 Fáltais ó Chuntais Dhíomhaoine**

*Soláthar meastacháin €12.008 milliún; réadaithe €10.531 milliún*

Tharla an t-easnamh €1.5 milliún i gcaiteachas go príomha mar gheall ar mhoill ar leibhéal na heagraíochta mar gheall ar an timpeallacht dhúshlánach earcaíochta foirne (2022) agus moill ar thús an tionscnaimh mar gheall ar shrianta sláinte poiblí (2021/tús 2022) chomh maith leis an moill ar thosú an Tionscadail Taispeána um Theiripe Scoile agus an Tionscadail um Threoirlínte maidir le Dearadh Uilíoch do Shuíomhanna ELC a Chur Chun Cinn in 2022.

**7 An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas**

*Soláthar meastacháin €1.939 milliún; réadaithe €1.801 milliún*

Tá an t-easnamh €138,000 i bhfáltais don Chlár um Shíocháin agus Athmhuintearas mar gheall ar éagsúlachtaí san uainiú don Chomhlacht um Chláir Speisialta an Aontais Eorpaigh (SEUPB) aisíocaíochtaí a fháil ó mhaoiniú Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (ERDF), a chuireann sé ar aghaidh chuig an Roinn ansin. Ní sholáthraíonn AE an maoiniú sin do SEUPB ach amháin tar éis próiseas bailíochtaithe maidir le caiteachas tionscadail. Athraíonn na scálaí ama maidir leis an bpróiseas sin agus is deacair iad a thuar.

**8 Fáltais ó AE**

*Soláthar meastacháin €15 mhilliún; réadaithe €3.335 milliún*

Meastachán ar fháltais ó AE a bhí le fáil in 2022 a bhí san fhigiúr €15 mhilliún. Tá leibhéal na leithreasaí-i-gcabhair a scaoiltear i mbliain ar leith bunaithe ar éilimh a cuireadh isteach agus ar íocaíochtaí a fhaightear ó AE. Mar thoradh air sin, is deacair uainiú na bhfáltas agus leibhéal na leithreasaí-i-gcabhair in aon bhliain ar leith a thuar go cruinn.

## 4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 2,968 | 538 |
| Coigeartú ar an iarmhéid tosaigh | (8) | (98) |
| Aisíocaíochtaí maoinithe deontais: Pobal | 7,167 | 8,149 |
| Aisíocaíochtaí maoinithe deontais: Boird Oideachais agus Oiliúna | 1,275 | 1,959 |
| Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh | 25 | 81 |
| An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | 21 | — |
| Eile | 363 | 686 |
| Suim a aistríodh chuig an Státchiste | (11,306) | (8,347) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **505** | **2,968** |

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | | |
| Roinn | 606 | 486 |
| An Coimisiún Imscrúdúcháin | — | 8 |
| Gníomhaireachtaí na Roinne (nóta 5.2) | 5,033 | 4,921 |
| | **5,639** | **5,415** |

### 5.2 Pá

| **Luach saothair fhoireann na Roinne** | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 29,844 | 24,233 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 269 | 98 |
| Ragobair | 598 | 148 |
| ÁSPC an fhostóra | 2,773 | 2,111 |
| **Pá iomlán [a]** | **33,484** | **26,590** |

**Luach saothair foirne gníomhaireachta**

| | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá [b] | 297,374 | 279,525 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 2,872 | 4,398 [c] |
| Liúntais eile | 1,607 | 38 [c] |
| Ragobair | 1,524 | 1,509 |
| ÁSPC an fhostóra | 31,185 | 28,789 |
| **Pá iomlán** | **334,562** | **314,259** |

Nóta
[a] Dáiltear an figiúr pá iomlán thar fho-mhírchinn A.1, B.1, C.1, D.1 agus E.1.
[b] Ní idirbheart airgeadais díreach de chuid na Roinne é caiteachas pá gníomhaireachtaí. Tá tuilleadh eolais maidir le líon na bhfostaithe agus pá i leith ghníomhaireachtaí na Roinne ar fáil ó na ráitis airgeadais bhliantúla ábhartha nó go díreach ó na gníomhaireachtaí lena mbaineann.
[c] Athluadh an figiúr seo mar gheall ar earráid a tugadh faoi deara in aicmiú liúntas an Stiúrthóra don Ombudsman do Leanaí.

Is iad na gníomhaireachtaí an tÚdarás Náisiúnta Míchumais (ÚNM), Údarás Uchtála na hÉireann (AAI), an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla), Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO) agus Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2022 | 2021 |
| | | | € | € |
| **Foireann na Roinne** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 18 | 5 | 22,755 | 22,002 |
| Liúntais eile | 31 | 1 | 35,651 | 13,887 |
| Ragobair | 180 | 12 | 41,270 | 13,880 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 25 | 3 | 17,170 | 2,684 |
| **Foireann ghníomhaireachtaí na Roinne** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 270 | 4 | 20,880 | 20,275 |
| Liúntais eile | 1,017 | 87 | 30,218 | 6,243 [a] |
| Ragobair | 597 | 26 | 43,898 | 36,029 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 601 | 40 | 58,130 | 46,571 |

Nóta [a] Athluadh an figiúr seo mar gheall ar earráid a tugadh faoi deara in aicmiú liúntas an Stiúrthóra don Ombudsman do Leanaí.

## 5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag an 31 Nollaig | Líon na bhfaighteoirí | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Ró-íocaíochtaí | 37 | 61,867 | 74,950 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 5 | 9,413 | 16,077 |

Nótaí Aistríodh ceathrar oifigeach a raibh pleananna aisghabhála ró-íocaíochtaí dar luach iomlán €3,370 acu chuig ceithre roinn Rialtais in 2022.

Aisghabhadh naoi gcinn déag de ró-íocaíochtaí ina n-iomláine in 2022, agus tá an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (NSSO) ag bainistiú agus ag cur chun cinn pleananna aisghabhála don chuid eile de na ró-íocaíochtaí.

## 5.5 Socruithe luach saothair eile

Rinneadh beirt státseirbhíseach ar scor a bhí ag fáil pinsean státseirbhíse a athfhostú ar bhonn táille ar chostas iomlán €23,700. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh i gcomhréir le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Áirítear sa chuntas seo caiteachas €55,856 (lena n-áirítear tuarastal, aoisliúntas an fhostaí agus ÁSPC an fhostóra) maidir le hoifigeach amháin a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh cuid de 2022 sa Roinn Dlí agus Cirt agus ar íoc an Roinn a thuarastal. Tá an tsuim sin ar áireamh san fhigiúr do Thuarastail In-aisghabhála laistigh de nóta 2.4 Iarmhéideanna dochair eile.

## 5.6 Foireann na Roinne de réir banda pá

Tá líon na bhfostaithe de chuid na Roinne a raibh a sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais agus ragobair, gan ÁSPC an fhostóra agus costais phinsin an fhostóra a áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus a tháinig faoi gach banda €10,000 ó €60,000 ar aghaidh mar a leanas.

| Bandaí pá (€) | | Líon na bhfostaithe | |
|---|---|---|---|
| Ó | Go | 2022 | 2021 |
| 20,000 | 59,999 | 370 | 272 |
| 60,000 | 69,999 | 29 | 41 |
| 70,000 | 79,999 | 55 | 58 |
| 80,000 | 89,999 | 29 | 19 |
| 90,000 | 99,999 | 28 | 14 |
| 100,000 | 109,999 | 21 | 11 |
| 110,000 | 119,999 | 8 | 3 |
| 120,000 | 129,999 | 1 | 1 |
| 130,000 | 139,999 | — | 1 |
| 140,000 | 149,999 | — | 1 |
| 150,000 | 159,999 | 1 | 4 |
| 160,000 | 169,999 | 3 | — |
| 170,000 | 179,999 | — | — |
| 180,000 | 189,999 | 1 | — |
| 190,000 | 199,999 | — | 1 |

## 5.7 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Seo a leanas luach saothair agus sochair inchánach an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais:

| | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Bunphá | | |
| Kevin McCarthy - a ceapadh an 19 Eanáir 2022 | 187 | — |
| Fergal Lynch - ar tháinig deireadh lena cheapachán an 18 Eanáir 2022 | 18 | 192 |
| | **205** | **192** |

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse ar áireamh san fhigiúr thuas. Tá an bheirt Oifigeach Cuntasaíochta ina gcomhaltaí den scéim aoisliúntais réamh-1995 do státseirbhísigh bhunaithe agus ní théann a dteidlíochtaí sochar scoir thar théarmaí caighdeánacha na scéime pinsean sin.

I mí Mheán Fómhair 2023, tar éis tuarascáil neamhspleách ar ghrádú post áirithe Ard-Rúnaí, chuir an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe ceadú in iúl maidir le hathghrádú phost an Ard-Rúnaí sa Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) ó Ard-Rúnaí Leibhéal III go hArd-Rúnaí Leibhéal II, le héifeacht ó dháta ceaptha an Ard-Rúnaí reatha i mí Eanáir 2022.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Íocaíochtaí le Pobal

De réir pholasaí cuntasaíochta na Roinne, muirearaíodh an ghlansuim a aistríodh chuig Pobal sa bhliain (€745 mhilliún) ar na fo-mhírchinn ábhartha atá leagtha amach thíos.

Le linn 2022, thug Pobal cistí arbh fhiú €7.436 milliún san iomlán iad ar ais don Roinn. Tugadh na cistí go léir a bhain leis an mbliain reatha ar ais chuig na fo-mhírchinn ábhartha. Tugadh na cistí a bhain le blianta roimhe sin ar ais don Státchiste mar fháltais bhreise Státchiste (féach nóta 4.2).

| | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| **Fo-mhírcheann** | | | |
| B.3 | Cláir réamhscoile ECCE agus AIM | 330,867 | 323,154 |
| B.4 | Scéim cúram leanaí inacmhainne agus cláir eile chúram leanaí | 219,942 | 185,958 |
| B.5 | Cláir chúram leanaí: tacaí soláthair agus tionscnaimh eile | 148,489 | 75,668 |
| B.6 | Eagraíochtaí agus seirbhísí óige (á bpáirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta) | 14,043 | 14,209 |
| B.8 | Bearta míbhuntáiste eacnamaíoch agus shóisialta (á maoiniú ag Cuntais Dhíomhaoine) | 1,366 | 1,210 |
| B.10 | Tacaí a bhaineann le Covid a bhaineann le Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige (ELC) agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile (SAC) | 22,676 | — |
| C.5 | Creat beartais leanaí agus daoine óga agus cláir eile | 1,262 | 1,886 |
| E.5 | Cóiríocht do mhuintir na hÚcráine agus costais ghaolmhara | 6,345 | — |
| | **Iomlán a íocadh le Pobal** | **744,990** | **602,085** |

Nóta Riarann Pobal líon mór clár deontas thar ceann na Roinne. Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí ceangaltais deontais dar luach iomlán €13.6 milliún ar Pobal a bhain le cláir a bhí á riar thar ceann na Roinne.

## 6.2 Costais chúitimh agus dlí

**Íocaíochtaí/costais a d’íoc an Roinn sa bhliain**

| | Éilimh a rinne | | Iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **fostaithe** | **daoine den phobal** | **2022** | **2021** |
| Líon na gcásanna | 25 | 16 | 41 | 44 |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí na Roinne féin | — | 26 | 26 | — |
| Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a rinneadh thar a ceann | | | | |
| Cúiteamh | 230 | — | 230 | 544 |
| Costais dlí | 164 | 163 | 327 | 652 |
| Costais eile | 21 | 2 | 23 | 60 |
| **Iomlán 2022** | **415** | **191** | **606** | **1,256** |
| Iomlán 2021 | 889 | 367 | 1,256 | |

Nótaí

[a] Amhail an 31 Nollaig 2022, chuir an Roinn ar áireamh i speansais fhabhraithe suim €52,989 (2021: €18,814), arb ionann í agus na costais dlí iomlána gan íoc atá dlite don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát.

[b] Amhail an 31 Nollaig 2022, tá costais dlí €120,000 iníoctha ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát i ndáil le dhá athbhreithniú bhreithiúnacha a bhaineann le rochtain ar shonraí sláinte a socraíodh le linn 2022. Lorgóidh an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát aisíocaíocht as na costais sin ón Roinn.

[c] Amhail an 31 Nollaig 2022, tá costais eile €126,937 iníoctha ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát i leith dhá chás clárúcháin breithe neamhdhleathaigh a réitíodh le linn 2022. Baineann na costais sin le comhairle abhcóidí sinsearacha agus freastal ar idirghabháil. Lorg an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát aisíocaíocht as na costais sin ón Roinn in 2023 agus íocadh iad.

**Costais charnacha na gcásanna a críochnaíodh in 2022**

| | Éilimh a rinne | | |
|---|---|---|---|
| | **fostaithe** | **daoine den phobal** | **Iomlán** |
| Líon na gcásanna | 8 | 1 | 9 |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí na Roinne féin | — | 26 | 26 |
| Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a rinneadh thar a ceann | | | |
| Cúiteamh | 260 | — | 260 |
| Costais dlí | 154 | — | 154 |
| Costais eile | 8 | — | 8 |
| **Iomlán** | **422** | **26** | **448** |

## 6.3 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

Tá Fo-mhírcheann B.6 Eagraíochtaí agus seirbhísí óige á pháirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta.

| | 2022 | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | Meastachán | | Toradh | Toradh |
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Fo-mhírcheann** | | | | |
| B.6 Eagraíochtaí agus seirbhísí óige | | | | |
| *Bunaidh* | 73,189 | | | |
| *Géilleadh iarchurtha* | 1,200 | | | |
| *Forlíontach* | (494) | | | |
| | | **73,895** | **72,411** | **68,501** |

## 6.4 Maoiniú ó AE

Áirítear leis an toradh atá léirithe i bhFo-mhírchinn B.9, D.4 agus E.3 íocaíochtaí maidir le gníomhaíochtaí atá á gcómhaoiniú ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, ag Ciste Sóisialta na hEorpa agus ag an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht faoi seach. Seo a leanas na meastacháin ar chaiteachas agus na torthaí iarbhír.

| | | 2022 | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Meastachán | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Fo-mhírcheann** | | | | | |
| B.9 – An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,700 | | | |
| | *Forlíontach* | (718) | | | |
| | | | 982 | 975 | 1,624 |
| D.4 – Lánpháirtíocht dídeanaithe agus imirceach | | | | | |
| | *Bunaidh* | 9,128 | | | |
| | *Forlíontach* | (2,261) | | | |
| | | | 6,867 | 4,355 | 4,814 |
| E.3 – An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht [a] | | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,930 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,087) | | | |
| | | | 1,843 | 1,538 | 1,580 |

Nóta [a] Ba é caiteachas an Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht don bhliain ná €1.54 milliún. Déantar fáltais ó AE maidir le maoiniú an Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht a scaoileadh sna cuntais trí leithreasaí-i-gcabhair nuair a mheastar iad a bheith cinnte. Tá iarmhéid na gcistí a fuarthas ach nár scaoileadh isteach sna cuntais le fáil i nóta 2.7 agus baineann siad sin le maoiniú do chaiteachas a tuairiscíodh roimhe seo faoin bhfo-mhírcheann seo.

## 6.5 Ús ar íocaíochtaí déanacha

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iomlán na n-íocaíochtaí úis agus cúitimh | **247,332** | **24,253** |

## Aguisín A Cuntais na gcomhlachtaí agus na gcistí atá faoi choimirce na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, ag dáta sínithe an chuntais, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

| Comhlacht | Tréimhse chuntasaíochta dheireanach | Dáta na tuarascála iniúchta | An dáta a fuair an tAire/an Roinn í | An dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í |
|---|---|---|---|---|
| Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh | 2021 | 21 Nollaig 2022 | 22 Nollaig 2022 | 22 Nollaig 2022 |
| Údarás Uchtála na hÉireann | 2021 | 24 Meitheamh 2022 | 12 Eanáir 2023 | 19 Eanáir 2023 |
| Oifig an Ombudsman do Leanaí | 2021 | 9 Meán Fómhair 2022 | 15 Meán Fómhair 2022 | 5 Deireadh Fómhair 2022 |
| An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | 2021 | 16 Meitheamh 2022 | 17 Meitheamh 2022 | 8 Iúil 2022 |
| An tÚdarás Náisiúnta Míchumais | 2021 | 6 Deireadh Fómhair 2022 | 7 Deireadh Fómhair 2022 | 1 Nollaig 2022 |